
# Linnte Taoide

Eochairfhocail: linn taoide, athchóiriú, feachtas, talamh príobháideach, páirc chuimhneacháin

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad atá á athchóiriú i Ros Muc, i gConamara?
2. Ainmnigh dhá ghrúpa daoine a d'úsáideadh an linn taoide?
3. Cén fáth ar cuireadh stop cúpla bliain ó shin le hiarrachtaí Choiste Forbartha Ros Muc an linn taoide seo a athchóiriú?
4. Cad iad na rudaí eile a thógfar mar chuid den obair athchóirithe?
5. Cén fáth a bhfuil gean ag Noel Ó Murchú ar an áit?
6. Cén chlann cháiliúil a d'fhanadh san áit sna 1940idí?
7. Céard í an chéad chéim sa phroiséas athchóirithe, dar le Máire Ní Chionna?
8. Breac síos na trí áit eile sa tír a raibh na linnte taoide seo, dar le Colm Ó Mainín.
9. Cén bhliain a cheapann Colm ar tógadh iad?
10. An dtaitníonn an snámh leat? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas le do pháirtí ranga**

- Tá feachtas bailithe airgid tosaithe
- Is cuid de stair ailtireachta na
- Níl an linn taoide i Ros Muc ag feidhmiú mar linn
- Bhíodh an-tóir ag muintir na háite agus ag turasóirí ar
- D'fhoghlaim go leor daoine sa cheantar sin conas
- Ceapann Máire Ní Chionna go bhfuil cuid mhaith oibre le déanamh sula
- Is iad Coiste Forbartha Ros Muc atá tiomanta
- Theip ar chéad iarrachtaí an Choiste an obair athchóirithe a dhéanamh
- Is é Noel Ó Murchú
- Thagadh muintir De Valera ar cuairt chun na háite

- snámha ceart le beagnach tríocha bliain anuas
- an obair athchóirithe a chur i gcrích
- Rúnaí Choiste Forbartha Ros Muc
- ag Coiste Forbartha Ros Muc chun an talamh ar a bhfuil an linn taoide suite a cheannach
- sna 1940idí
- snámh a dhéanamh den chéad uair sa linn taoide seo
- toisc nár leo an talamh
- na hÉireann sa bhfichiú haois iad na linnte taoide seo
- an linn taoide seo tráth dá raibh
- mbeifear in ann an linn a oscailt arís don phobal

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Samhlaigh gur ball de Choiste Forbartha Ros Muc tú agus go n-iarrtar ort cur síos a dhéanamh ar an gcuma a bheidh ar an linn taoide nuair a bheidh an obair athchóirithe déanta. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 75 focal sa chur síos.**

- nua-aimseartha
- cuma álainn
- áis iontach don phobal
- áit stairiúil
- radharc tíre aoibhinn
- páirc phoiblí
- páirc chuimhneacháin
- na glúnta atá le teacht



## Freagraí

1. Linn taoide a tógadh sna 1940idí
2. Muintir na háite agus turasóirí a thagadh ar cuairt chun na háite
3. Toisc go raibh sí suite ar thalamh príobháideach
4. Páirc phoiblí agus páirc chuimhneacháin
5. Is ansin a d'fhoghlaim sé conas snámh a dhéanamh
6. Muintir De Valera
7. An linn a ghlanadh amach
8. Béal an Mhuirthead, Baile Átha Cliath agus Contae an Lú
9. 1945

- Tá feachtas bailithe airgid tosaithe ag Coiste Forbartha Ros Muc chun an talamh ar a bhfuil an linn taoide suite a cheannach
- Is cuid de stair ailtireachta na hÉireann sa bhfichiú haois iad na linnte taoide seo
- Níl an linn taoide i Ros Muc ag feidhmiú mar linn snámha ceart le beagnach tríocha bliain anuas.
- Bhíodh an-tóir ag muintir na háite agus ag turasóirí an linn taoide seo tráth dá raibh.
- D'fhoghlaim go leor daoine sa cheantar sin conas snámh a dhéanamh den chéad uair sa linn taoide seo.
- Ceapann Máire Ní Chionna go bhfuil cuid mhaith oibre le déanamh sula mbeifear in ann an linn a oscailt arís don phobal.
- Is iad Coiste Forbartha Ros Muc atá tiomanta an obair athchóirithe a chur i gcrích.
- Theip ar chéad iarrachtaí an Choiste an obair athchóirithe a dhéanamh toisc nár leo an talamh.
- Is é Noel Ó Murchú Rúnaí Choiste Forbartha Ros Muc.
- Thagadh muintir De Valera ar cuairt chun na háite sna 1940idí.